# Plean Gnó a chur i láthair do Údarás na Gaeltachta

## Réamhrá

Nuair a bhíonn cabhair airgeadais nó cabhair eile á lorg ó Údarás na Gaeltachta, tá sé riachtanach plean sonrach gnó a chur i láthair. Tugann plean dá leithéid seo deis don Údarás measúnacht a dhéanamh ar oiriúnacht an tionscadail sin agus freisin tugann sé deis dóibh siúd atá ag moladh an tionscadail a chinntiú go bpléitear go cuí agus in am tráth leis na gnéithe riachtanacha go léir.

San eolaí seo tá liosta den ghnátheolas atá riachtanach ar mhaithe le plean dá leithéid a ullmhú. Ní gá go mbeadh an t-eolaí seo iomlán uileghabhálach, dá bhrí sin tharlódh go mbeadh sonraí breise á lorg ag an Údarás ar tosach ar aon mheasúnacht maidir le hoiriúnacht do chabhair.

## 1. Coimriú Feidhmiúcháin

**1.1** Ainm agus seoladh an tionscnóra nó na cuideachta tionscnaimh
**1.2** Sonraí na stiúrthóirí/scairshealbhóirí (má's cuideachta nua, tabhair sonraí na stiúrthóirí/scairshealbhóirí atá molta)
**1.3** An fhoireann bhainistíochta
**1.4** Achoimre ar chúlra na cuideachta

## 2. Earraí agus Seirbhísí

**2.1** Na hearraí a dhéanfar/seirbhísí a sholáthrófar sa Ghaeltacht
**2.2** An próiseas déantúsaíochta

## 3. Margaí agus Díolacháin

**3.1** Spriocmhargaí agus nithe réamh-mheastacháin atá beartaithe agus an bonn a ghabhann leo
**3.2** An chomhréir easpórtálacha, má's ann, agus margaí easpórtála
**3.3** Méid agus treochtaí na margaí
**3.4** Iomaíocht agus anailís iomaíochta
**3.5** Plean margaíochta agus meastóireacht leanúnach
**3.6** Straitéis phraghsála agus díolacháin
**3.7** Modhanna agus costais dáileacháin

## 4. Táirgeadh agus Forbairt

**4.1** Costais táirgeachta, amhábhar agus páirteanna san áireamh
**4.2** Méid amhábhair agus páirteanna a bheadh riachtanach agus obair faoi lánseol
**4.3** Sonraigh an de dhéantús Éireannach na hamhábhair agus na páirteanna nó ar iompórtáileadh iad
**4.4** An stádas forbartha reatha
**4.5** Timthriall táirgeachta
**4.6** Leibhéal táirgeachta a bhfuil súil leis ag deireadh na bliana tosaigh
**4.7** Táirgeacht bhliantúil a bhfuiltear ag súil leis faoi lántáirgeacht
**4.8** Leibhéal táirgeachta do bhriseadh cothrom
**4.9** Feabhsú táirgí atá dóchúil agus/nó táirgí nua

## 5. Oibríochtaí

**5.1** An láithreán atá molta agus fáthanna ar roghnaíodh é
**5.2** Saoráidí riachtanacha agus achar spáis má tá léas ó Údarás na Gaeltachta i gceist agus cuntas ar aon ghnéithe speisialta
**5.3** Más léasú ó dhreamanna eile sonraigh méid, cineál tógála agus téarmaí léasa maidir le haon mhionathruithe a bheadh i gceist
**5.4** Má tá tógáil beartaithe, luaigh méid, costais sonracha agus cuntas ar na gnéithe riachtanacha uile, seirbhísí tógála san áireamh

## 6. Bainistíocht

**6.1** Eochairphearsanra - cailíochtaí agus taithí
**6.2** Struchtúr bainistíochta atá molta
**6.3** Gaol atá ag bainistíocht le tionscnóirí, más ann do
**6.4** Comhairleoirí proifisiúnta tacaíochta

## 7. Fostaíocht

**7.1** Leibhéil fhostaíochta a bhfuiltear ag súil leo don chéad trí bliana
**7.2** Leibhéil fhostaíochta a bhfuiltear ag súil leo faoi lántáirgeacht
**7.3** Miondealú sonrach ar inscne na foirne
**7.4** Earnálacha scileanna
**7.5** Rátaí pá do gach grád (rátaí oiliúna san áireamh)
**7.6** Fostaíocht agus comhaontaithe eile agus pleananna pinsin san áireamh
**7.7** Sonraí iomlána ar aon chláir oiliúna, earnálacha oibrithe san áireamh, tréimhse iomlán ama (i seachtainí), láthair oiliúna, costais chothabhála agus costais eile

## 8. Plean Airgeadais

**8.1** Riachtanais airgeadais do mhonarcha/áitreabh
**8.2** Riachtanais airgeadais do threalamh/innealra
**8.3** Mórearraí innealra agus trealaimh a bheadh riachtanach

**Nóta:** Is innealra agus trealamh nua amháin atá incháilithe le haghaidh deontais

**8.4** Riachtanais airgeadais do threalamh oifige, iompar
**8.5** Caipiteal oibre atá riachtanach
**8.6** Riachtanais airgeadais do chúrsaí oiliúna
**8.7** Suim atá le hinfheistiú ag príomhaithe (scairchaipiteal) agus foinse na gcistí seo
**8.8** Suim atá á lorg mar dheontais
**8.9** Suim ar fáil trí iasacht - cé uaidh agus na téarmaí aisíocaíochta
**8.10** Meastachán ar chéimniú an tsílchaipitil
**8.11** Clár comhardaithe Iniúchta agus Cuntais Trádála Déantúsaíochta agus Cuntais Bhrabúis agus Chaillteanais le trí bliana anuas
**8.12** Ráitis Bhrabúsaíochta measta go ceann dhá bhliain iomlán
**8.13** Cláir chomhardaithe measta go dtí an dara bliain
**8.14** Sreabhadh airgid thirim (míosúil) go dtí an dara bliain
**8.15** Sonraí ar aon ríchíosanna, coimisiúin, nó táillí iníochta le leasa seachtracha

## 9. Dlíthiúil

**9.1** Cóip den Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais
**9.2** Rúin speisialta a ceadaíodh, más ann iad
**9.3** Cóip den Tuairisceán Bliantúil is deireanaí
**9.4** Conarthaí fostaíochta le fostaithe bainistíochta
**9.5** Cóipeanna de gach comhaontú (scairshealbhóirí, suibscríbhinní, iasachtaí srl.)

## 10. Rialú Timpeallachta

**10.1** Sonraí faoi aon eisilteach dochrach, astuithe atmasféaracha, nó leibhéil iomarcacha torainn nó tonnchreatha
**10.2** Socruithe atá déanta len iad a rialú agus na costais a ghabhann leo.

**Nóta:** Tá an tÚdarás áitiúil (Comhairle Chontae) freagrach as feidhmiú na rialachán náisiúnta agus an AE i dtaca le pleanáil fhisiciúil agus tógtar na rialacháin chuí seo san áireamh go cuí sa phróiséas a bhaineann le cead pleanála i gcás foirgneamh tionsclaíocha.

## An Ghaeilge

Toilíonn gach gnó a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt ina ngníomhaíochtaí. Tuigeann an tÚdarás go maith go mbíonn ról tábhachtach ag na cuideachtaí seo i dtaca le caomhnú agus neartú na Gaeilge mar theanga phobail agus ar láthair na hoibre. Ar mhaithe leis an sprioc seo tugann an tÚdarás tacaíocht phraiticiúil agus seirbhísí comhairleacha dóibh chun cabhrú leo gníomhphlean céimnitheach a chur i bhfeidhm de réir mar a théann an tionscadal chun cinn.